

Buntáiste Breise na Gaeilge!

Béal Feirste

Seimineár Eolais do
Dhaltaí Iar-Bhunscoile

Déardaoin,
07 Deireadh Fómhair 2010



CLÁR

09.00r.n Fáiltiú agus Clárú

Cur i láthair ó na hAochainteoirí

Seisiún 1: 09:30r.n - 10:30r.n

Seisiún 2: 10:45r.n – 11:45r.n

Briseadh Lón 11:50r.n-12:50i.n

Seisiún 3: 1:00i.n – 2:00i.n

Mairfidh gach seisiún uair an chloig (le briseadh 15 nóiméad idir gach ceann)

Glacfaidh na hAochainteoirí le ceisteanna ó dhaltai scoile tar éis gach seisiún agus beidh duaiseanna á mbronnadh / Bileoga Aiseolais

Tabharfaidh na daltaí scoile cuairt ar an Aonach Oibre tar éis gach seisiún

2:00i.n Críoch

Kevin De Barra, Cathaoirleach

Is as An Spidéal, i gConamara é Kevin De Barra. D'fhreastail sé ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh áit ar bhain sé Céim Tráchtála agus Máistreacht sa Mhargaíocht amach, chomh maith le Diplóma sa Ghaeilge, agus Diplóma i Staidéar an Aistriúcháin. Oibríonn Kevin mar Bhainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide Poiblí le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.

Conall Ó Máirtín

Is as an Eaglais ó dhúchas de Chonall, sráidbhaile taobh amuigh de Dhún Geanainn. Bhain sé céim amach sa dlí in Ollscoil na Banríona Bhéal Feirste, chomh maith le hiarchéim i dTeicneolaíocht an Eolais agus dlí. Bhain Conall iarchéim amach san Oideachas agus faoi láthair tá sé ag obair mar mhúinteoir in Aonad na Gaeilge, i gColáiste Chaitríona Ard Mhacha.

Chuir Conall an clár *Preab Suas* i láthair do BBC Thuaisceart Éireann. Bíonn sé ag obair mar thráchttaire ar TG4, *GAA Beo* agus ar *Spórt an tSathairn* ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. I mbliana chuir sé sraith úr i láthair do BBC Thuaisceart Éireann, *An Bhearna Bhaoil*, a bheidh le feiceáil gan mhoill.

Imríonn sé peil gaelach leis An Eaglais Naomh Pádraig, agus d'imir sé le foireann mhionúir, faoi 21 agus sinsear Chontae Thír Eoghain. In 2004 chuir sé tús le Campa Chormaic i dTír Eoghain.



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge



Urraithe ag



Foras na Gaeilge



Ursula Uí Dhonnaile

Ia as Dún Geanainn i gCo. Thír Eoghain d’Ursula Uí Dhonnaile.

Thosaigh sí ag foghlaim Gaeilge sa mheánscoil nuair a bhí sí dhá bhliain déag d’aois. Chuaigh sí chuig an Ghaeltacht sa samhradh agus phioc sí Gaeilge mar ábhar don GCSE (TGMO) agus don Ard Leibhéal.

D’fhreastail sí ar Choláiste Ollscoile Naomh Mhuire i mBéal Feirste áit a rinne sí staidéar ar an Oideachas trí Ghaeilge. Le linn di a bheith ag an Ollscoil chaith sí trí mhí ag staidéar san Ísiltír.

Ina dhiaidh sin chaith sí cúpla bliain mar mhúinteoir bunscoile. Tá Ursula ag obair mar Oifigeach Gaeilge le Comhairle na Coirre Críochaí agus le Comhairle Dhún Geanainn agus baineann sí an-úsáid as an nGaeilge ina post gach lá.



Tomaí Ó Conghaile

Is as Cill Shléibhe, taobh amuigh d’Iúr Cinn Trá i gContae Ard Mhacha do Tomaí. Chuaigh sé ar scoil i gColáiste Cholmáin. Thosaigh sé ag foghlaim Gaeilge nuair a bhí sé deich mbliana d’aois. D’fhreastail sé ar chúrsaí Gaeltachta i rith an tsamhraidh agus é ina bhuachaill óg.

Roghnaigh sé an Ghaeilge don GCSE agus don Ard Leibhéal. Rinne sé staidéar ar an nGaeilge agus ar an Spáinnis i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Nuair a bhí sé ar an ollscoil, thosaigh sé ag scríobh do nuachtán na hollscoile,

Fuair sé post le Raidió Fáilte sular thosaigh sé mar léiritheoir agus láithreoir le BBC Raidió Uladh. Bhí sé ag obair le BBC2 mar láithreoir teilifíse ar an gclár Imeall Geal.

Sa bhliain 2008 chuir sé tús le Nós*, iris nua-aimseartha ar líne. Tá sé ag obair chomh maith le Nuacht24.

Niall Comer

Is de bhunadh Iúir Cinn Trá é Niall Comer. Chaith sé deich mbliana ag obair mar mhúinteoir meánscoile sular aistrigh sé go hOllscoil Uladh i gCúil Raithin, áit a bhfuil sé mar léachtóir le Gaeilge.

Tá spéis mhór aige i gcúrsaí aistriúcháin agus tá sé mar stiúrthóir ar An Carn Aistriúcháin, comhlacht atá lonnaithe i gCarn Tóchair i gContae Dhoire. Bhí Niall ina eagarthóir ar An tUltach ar feadh ocht mbliana agus tá sé anois ina Uachtarán ar Chomhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge.



AN fáinne

Léirigh do nasc leis an nGaeilge

aontacht
leanúnachas
comhlántacht
sioraíocht

Ceannaigh An Fáinne ar
www.fainne.ie



Comhdháil
Náisiúnta
na Gaeilge



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

DÁNPHÓSTAEIR DON SEOMRA RANGA

Tá dánphóstaer ar fáil ó Lároifig Chomhar na Múinteoirí Gaeilge.

Tá an chéad dhá phóstaer sa tsraith bunaithe ar na dánta ‘Teilifís’ (Gabriel Rosenstock) agus ‘Glaoch Abhaile’ (Áine Ní Ghlinn).

Múscloídh na póstaer seo suim na ndaltaí scoile sa bhfilíocht chun go mbeidh sí ina hábhar plé agus iontais sa seomra ranga.

Tá costas €5 an ceann orthu le lascaine 15% do bhaill. Déan teagmháil le Lároifig CNMG le cóipeanna a ordú!

7 Cearnóg Mhuirfean | Baile Átha Cliath 2 | 01 639 8445/8 | www.cnmg.ie | eolas@cnmg.ie |



Urraithe ag
Foras na Gaeilge